Parlaimint na hEorpa
2024-2029

TÉACSANNA ARNA nGLACADH

P10_TA(2026)0177

Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Liobáin maidir leis an gcomhar idir Eurojust agus údaráis na Liobáine atá inniúil i gcomhar breithiúnach in ábhair choiriúla

Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 20 Bealtaine 2026 ar an dréachtchinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích thar ceann an Aontais Eorpaigh an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Liobáine maidir leis an gcomhar idir Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (Eurojust) agus údaráis Phoblacht na Liobáine atá inniúil i gcomhar breithiúnach in ábhair choiriúla (13619/2024 – C10-0333/2025 – 2024/0155(NLE))

(Toiliú)

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don dréachtchinneadh ón gComhairle (13619/2024),

– ag féachaint don dréachtchomhaontú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Liobáine maidir le comhar idir Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (Eurojust) agus údaráis Phoblacht na Liobáine atá inniúil maidir le comhar breithiúnach in ábhair choiriúla (13239/2024),

– ag féachaint don iarraidh ar thoiliú a thíolaic an Chomhairle i gcomhréir le hAirteagal 16(2), le hAirteagal 85, le hAirteagal 218(6), an dara fomhír, pointe (a)(v), agus le hAirteagal 218(7) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (C10-0333/2025),

– ag féachaint do Riail 107(1) agus (4), agus do Riail 117(7) dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don mholadh ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile (A10-0132/2026),

1. ag tabhairt a toilithe do thabhairt i gcrích an chomhaontaithe;

2. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig rialtais agus parlaimintí na mBallstát agus údaráis Phoblacht na Liobáine.